Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2022
(OR. en)

15232/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0371 (COD)**

ECOFIN 1240
CODEC 1839
RELEX 1595
NIS 33
FIN 1265
COEST 855

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14562/22 - COM (2022) 597 final |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) ***(an chéad léamh)***<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 9 Samhain 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin (cúnamh macra-airgeadais +)[1]. Tá an Rialachán atá beartaithe mar chuid den phacáiste tograí maidir leis an tacaíocht don Úcráin a mhaoiniú, maille leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[2] agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta[3].

2. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 212 de CFAE (an gnáthnós imeachta reachtach).

---

[1] 14562/22.
[2] 14442/22.
[3] 14443/22.

3. An 24 Samhain 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh[4] lena léirítear tuairim choiteann na n-institiúidí gan an togra ón gCoimisiún a leasú. Ba cheart, dá bhrí sin, don Chomhairle a bheith in ann é a ghlacadh.

4. Chun glacadh an dréachtrialacháin a cheadú gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 63/22 é, a fhormheas ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
- maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 15019/22